RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2288 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Lúnasa 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2066 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le síneadh na díolúine ard-inmharthanachta maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír le haghaidh breallaigh mhaighdeogacha (*Venus spp.*), Muiríní (*Pecten Jacobaeus*) agus breallaigh chroise (*Venerupis spp.*) sa Mheánmhuir Thiar

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 14 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2066 ón gCoimisiún ([2]), déantar foráil maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír le haghaidh stoic ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir, agus feidhm leis ón 1 Eanáir 2022 go dtí 31 Nollaig 2024.

(2) An 9 Bealtaine 2022, chuir an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil ("Grúpa Ardleibhéil Pescamed"), moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin ina moltar síneadh a chur le díolúintí áirithe ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar, agus tuairimí Chomhairle Chomhairleach na Meánmhara á gcur san áireamh.

(3) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ("STECF") measúnú ar an moladh comhpháirteach idir an 16 agus an 20 Bealtaine 2022 ([3]).

(4) An 8 Iúil 2022, chuir Grúpa Ardleibhéil Pescamed moladh comhpháirteach nuashonraithe isteach a ndearna STECF measúnú air freisin.

(5) Faoi Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), rinne an Coimisiún breithniú ar an moladh comhpháirteach an 8 Iúil 2022 i bhfianaise mheasúnú STECF chun a áirithiú go bhfuil sé comhoiriúnach leis na bearta caomhnaithe ábhartha, lena n-áirítear an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

(6) Moltar sa mholadh comhpháirteach nuashonraithe an 8 Iúil 2022 síneadh a chur leis na díolúintí ard-inmharthanachta, mar a fhoráiltear in Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, arna bhunú le haghaidh breallaigh mhaighdeogacha *(Venus spp.)*, Muiríní (*Pecten jacobaeus*) agus breallaigh chroise (*Venerupis spp.*) a ghabhtar le dreidirí meicnithe.

(7) Maidir le breallaigh mhaighdeogacha *(Venus spp.)*, tháinig STECF ar an gconclúid go bhfuil meastacháin láidre ard-inmharthanachta san fhaisnéis tacaíochta. Measann an Coimisiún gur cheart síneadh a chur leis an díolúine dá bhrí sin.

([1]) IO L 172, 26.6.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2066 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mionsonraí faoi chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír maidir le stoic ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir Thiar le haghaidh na tréimhse 2022-2024 (IO L 421, 26.11.2021, lch. 17).

([3]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) – Meastóireacht ar na Moltaí Comhpháirteacha i ndáil leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus leis an Rialachán maidir le Bearta Teicniúla (STECF-22-05).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(8) Maidir le muiríní *(Pecten jacobaeus)* agus breallaigh chroise *(Venerupis spp.)*, chuir STECF i dtábhacht gur gá fianaise bhreise a chur isteach a mhéid a bhaineann le muiríní *(Pecten jabobaeus)*. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil staidéir eolaíocha agus foilseacháin ann maidir leis an dá speiceas sin agus speicis dhébhlaoscacha chomhchosúla eile a ghabhann dreidirí meicnithe in imchuacha farraige eile a ndearna STECF measúnú orthu san am a chuaigh thart. Maidir leis na cosúlachtaí idir muiríní na Meánmhara Thiar *(Pecten jacobaeus)* agus le breallaigh chroise *(Venerupis spp.)*, déanfar ard-inmharthanacht na speiceas sin a mheas i ndáil leis an dá speiceas sin agus iarrfar ar na Ballstáit staidéir a fhorbairt sa Mheánmhuir Thiar.

(9) Ós rud é go bhfuil an fhianaise maidir le rátaí marthanais muiríní (*Pecten jacobaeus*) agus breallaigh chroise (*Venerupis spp.*) neamhchonclúideach agus gur tháinig STECF ar an gconclúid gur gá tuilleadh fianaise eolaíche maidir leis an inmharthanacht a thabhairt maidir leis na speicis dhébhlaoscacha sin sa Mheánmhuir Thiar, measann an Coimisiún nár cheart síneadh a chur leis an díolúine ach ar feadh tréimhse ghearr. Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann, dá bhrí sin, an fhianaise eolaíoch ábhartha a chur faoi bhráid STECF chun go ndéanfaidh STECF meastóireacht air.

(10) Sa mholadh comhpháirteach nuashonraithe uathu an 8 Iúil 2022, rinne na Ballstáit lena mbaineann athnuachan ar a ngealltanas roghnaíocht an trealaimh iascaireachta a mhéadú i gcomhréir le torthaí na gclár taighde reatha chun gabhálacha de thaisme a laghdú agus a theorannú agus go háirithe gabhálacha faoi bhun íosmhéideanna tagartha caomhnaithe a laghdú agus a theorannú.

(11) Ina theannta sin, gheall na Ballstáit lena mbaineann sa mholadh comhpháirteach nuashonraithe an 8 Iúil 2022 go ndéanfaidh siad limistéir iata bhreise a shainaithint chun básmhaireacht i measc na n-iasc óg a laghdú, i gcás ina bhfuil fianaise ann go bhfuil líon ard iasc óg ann.

(12) Tá na bearta a mholtar sa mholadh comhpháirteach nuashonraithe an 8 Iúil 2022 i gcomhréir le hAirteagal 15(4), 15(5), pointe (b), agus le hAirteagal 18(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2066 a leasú dá réir.

(13) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe. Ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta níos déanaí, áfach.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2066 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

"(a) muiríní *(Pecten jacobeus)* a ghabhtar le dreidirí meicniúla (HMD) go dtí an 31 Nollaig 2023;

(b) breallaigh chroise *(Venerupis spp.)* a ghabhtar le dreidirí meicnithe (HMD) go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) breallaigh mhaighdeogacha *(Venus spp.)* a ghabhtar le dreidirí meicnithe (HMD) go dtí an 31 Nollaig 2024;"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Faoin 1 Bealtaine 2022 agus 2023, déanfaidh na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu san iascach sa Mheánmhuir sonraí breise maidir le hábhar muirí aischurtha agus aon fhianaise eolaíoch ábhartha eile a thacaíonn leis an díolúine a leagtar síos i bpointí (a), (b) de mhír 1 a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfaidh STECF meastóireacht ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a chuirfear isteach faoin 31 Iúil ar a dhéanaí."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN